2024/3090

12.12.2024

CINNEADH (AE) 2024/3090 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 22 Deireadh Fómhair 2024

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn II - an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 ([1]),

— ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha an Aontais Eorpaigh a mhéid a bhaineann leis an mbliain airgeadais 2022 (COM(2023)0391 – C9-0250/2023) ([2]),

— ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Comhairle chuig an údarás um urscaoileadh ar iniúchtaí inmheánacha arna ndéanamh in 2022,

— ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí ar chur chun feidhme an bhuiséid i dtaca leis an mbliain airgeadais 2022, maille le freagraí na n-institiúidí ([3]),

— ag féachaint don ráiteas dearbhaithe ([4]) i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2022, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do chinneadh uaithi an 23 Aibreán 2024 ([5]) lena ndéantar an cinneadh i dtaobh urscaoileadh don bhliain airgeadais 2022 a chur ar atráth, agus don rún a ghabhann leis,

— ag féachaint d'Airteagal 314(10), agus d'Airteagal 317, d'Airteagal 318 agus d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([6]), agus go háirithe Airteagail 59, 118, 260, 261 agus 262 de,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais ([7]), agus go háirithe Airteagail 59, 118, 266, 267 agus 268 de,

— ag féachaint do Riail 102 agus Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don dara tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0003/2024),

([1]) IO L 45, 24.2.2022.
([2]) IO C, C/2023/2, 12.10.2023.
([3]) IO C, C/2023/103, 4.10.2023.
([4]) IO C, C/2023/112, 12.10.2023.
([5]) Téacs arna ghlacadh, P9_TA(2024)0288.
([6]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([7]) IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

1. ag diúltú d'urscaoileadh a dheonú d'Ard-Rúnaí na Comhairle i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle don bhliain airgeadais 2022;

2. ag leagan amach a barúlacha sa rún seo anseo ina dhiaidh seo;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus an rún atá ina chuid dhílis de a chur chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

An tUachtarán
Roberta METSOLA

An tArdrúnaí
Alessandro CHIOCCHETTI